Cuireann an tSeirbhís Leabharlainne rochtain phoiblí ar an idirlíon ar fáil mar chuid dá ról mar sholáthraí faisnéise, oideachais, caitheamh aimsire agus de shaibhriú cultúrtha.

Tá lámhleabhair ríomhaire nó ranganna teagaisc gréasáin ar fáil chun dul i gcomhairle leo. Is féidir teacht ar chuntais ríomhphoist ghréasánbhunaithe. Tá breis agus 500 cúrsa ar líne saor in aisce ar líne ar fáil ar láithreán gréasáin ár leabharlainne, www.donegallibrary.ie, ar féidir iad a chur in oiriúint do do chuid riachtanas. Tá rud éigin ann ar spéis le gach duine, idir grianghrafadóireacht dhigiteach agus ríomhchlárú. Tá teacht againn, chomh maith, ar Mango Languages, áit ar féidir leat 60 teanga a fhoghlaim agus a fhiosrú.

**Seisiúin Idirlín**
Is féidir leat seisiúin idirlín a chur in áirithe roimh ré nó is féidir teacht orthu ar bhonn buail isteach. Roimh gach seisiún, cláraigh ag an phríomhdheasc le comhalta foirne. Tá WiFi saor in aisce atá ar fáil in gach brainse.

**Táillí idirlín**

| | |
|---|---|
| **Saor in aisce** | Ríomhaire pearsanta taighde nó WiFi ar ghléasanna pearsanta |
| **Gearrtar €1.00 an uair** | ar leanaí; daoine ar scor; mic léinn; daoine dífhostaithe |
| **Gearrtar €2.00 an uair** | ar dhaoine fásta nach bhfuil sna catagóirí thuas |
| **Gearrtar 20 cent ar gach bileog** | dhubh agus bhán A4 a chlóitear |
| **50 cent ar gach bileog** | Dhatha A4 a chlóitear |

**Leanaí agus an tIdirlíon**
Tá fáilte roimh leanaí faoi 12 bhliain d'aois úsáid a bhaint as an Idirlíon nuair a bhíonn siad faoi mhaoirseacht ag duine fásta.

Is féidir le leanaí idir aois 12 bhliain agus 18 mbliana úsáid a bhaint as an Idirlíon leo féin má shíníonn tuismitheoir/caomhnóir Foirm Thoilithe, i láthair foireann leabharlainne. Ina theannta sin, is féidir comhaontú a dhéanamh ar chlárú go dtabharfaidh ráthóir toiliú. Tá Foirmeacha Toilithe agus treoirlínte do Leanaí agus daoine óga ar fáil i ngach leabharlann.

Tá tuismitheoirí agus caomhnóirí freagrach as an úsáid a bhaineann a leanaí as an ngréasán.

**An cló beag…rudaí is ceart agus nach ceart a dhéanamh**
Tá úsáideoir an idirlín, nó an tuismitheoir/caomhnóir do leanaí faoi 18 mbliana d'aois, freagrach as aon chostais nó díobháil a eascraíonn as úsáid seirbhísí ríomhaire na leabharlainne.

Is féidir le foireann Chomhairle Contae Dhún na nGall (CCDG) monatóireacht a dhéanamh ar úsáid an Idirlín. Tá an t-úsáideoir freagrach as ábhar agus cáilíocht na faisnéise a aisghabhtar.

Ní bhíonn an tIdirlíon slán i gcónaí agus ba cheart d'úsáideoirí a bheith cúramach nuair a thugtar faisnéis phearsanta. Chun teacht ar fhaisnéis ar shábháilteacht ghréasáin, féach www.webwise.ie.

Cuirtear cosc ar bhogearraí a íoslódáil ar chúiseanna slándála agus/nó cóipchirt. Ní féidir comhaid nó faisnéis a chóipeáil chuig an tiomántán crua.

Cuirtear cosc ar aon ábhar a tharchur a sháraíonn aon dlíthe. Áirítear leis seo, ach níl sé teoranta dó, ábhar faoi chóipcheart, ábhar bagrach, graosta nó pornagrafaíoch. Má theipeann ort an clásal seo a chomhlíonadh, d'fhéadfaí gearán a dhéanamh leis na Gardaí. Caillfear pribhléidí Idirlín má dhéantar iarrachtaí chun slándáil Idirlín a shárú. Níl CCDG freagrach as víris, a d'fhéadfadh úsáideoirí a íoslódáil gan chuimhneamh.

**Nós imeachta chun gearáin a dhéanamh**
Tá na treoirlínte seo ar mhaithe le gach ball den phobal. Más mian leat achomharc a dhéanamh in aghaidh cinneadh foirne maidir leis an Idirlíon, ba cheart duit é seo a dhéanamh leis an Leabharlannaí atá i gceannas ar an gcéad dul síos, agus leis an Leabharlannaí Contae ar an dara dul síos.

www.donegallibrary.ie

FREE WiFi